# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA

## OIDEACHAS REILIGIÚNACH – GNÁTHLEIBHÉAL

DÉARDAOIN, 21 MEITHEAMH 2007 – TRÁTHNÓNA, 2.00 go 4.00

Iomlán na Marcanna: 320

## *Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí*

NÍ MÓR D'IARRTHÓIRÍ TABHAIRT FAOI SEO A LEANAS:

- **DHÁ** CHEIST AS AONAD A hAON
- **DHÁ** CHEIST AS AONAD A DÓ
- CEIST **AMHÁIN** AS AONAD A TRÍ

## AONAD A hAON

(80 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 30 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SAN AONAD SEO.**

NÍ MÓR DUIT TABHAIRT FAOI **DHÁ** CHEANN DE NA TRÍ CHEIST SEO A LEANAS.

**(Tá 40 marc ar gach ceist)**

## ROINN A CUARDACH BRÍ AGUS LUACHANNA

### CEIST 1. CUARDACH BRÍ

**Freagair a), b) agus c).**

a) Mol **dhá** cheist a d'fhéadfadh duine a chur agus é/í ag cuardach bhrí na beatha. (10 marc)

b) Déan cur síos ar rud **amháin** faoi shaol an lae inniu a d'fhéadfadh é a dhéanamh deacair do dhaoine agus iad ag cuardach brí. (10 marc)



c) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí ina bhféadfadh staidéar na fealsúnachta cabhrú le duine agus é/í ag cuardach bhrí na beatha. (20 marc)

### CEIST 2. CUARDACH LUACHANNA

**Freagair a), b) agus c).**

a) Tabhair breac-chuntas ar cad is brí leis an téarma 'luachanna comhchoitianta' agus luaigh sampla **amháin** de luach comhchoitianta. (10 marc)

b) Tabhair breac-chuntas ar conas atá luachanna comhchoitianta ceangailte leis an rud a chreideann pobal creidimh faoi Dhia. (20 marc)

c) Déan cur síos ar conas atá luachanna comhchoitianta múnlaithe ag rud éigin eile seachas an reiligiún. (10 marc)

### CEIST 3. AG FREAGAIRT DO CHUARDACH BRÍ AGUS LUACHANNA

**Freagair a), b) agus c).**

a) Tabhair breac-chuntas ar an mbrí atá le siombail **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi. (10 marc)

b) Déan cur síos ar mhiotas *nó* ar shaothar ealaíne / lámhdhéantúsán ó anallód a raibh brí ann do dhaoine. (15 mharc)

c) Mínigh conas a chabhraigh úsáid na siombaile, i miotas *nó* in ealaín / lámhdhéantúsán, le daoine anallód chun a gcuardach do bhrí na beatha a chur in iúl. (15 mharc)

## AONAD A DÓ

(160 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 60 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SAN AONAD SEO.**


NÍ MÓR DUIT TABHAIRT FAOI **DHÁ** CHEANN DE NA TRÍ ROINN SEO A LEANAS.

**(Tá 80 marc ar gach roinn)**


## ROINN B AN CHRÍOSTAÍOCHT: A BUNÚS AGUS A CUR IN IÚL COMHAIMSEARTHA


**Freagair a), b) agus c).**

a) Is féidir íomhánna difriúla d'Íosa a fháil i gcultúr an lae inniu -


Ceol


Ealaín


Scannán


Litríocht

Déan cur síos ar íomhá **amháin** d'Íosa atá curtha i láthair sa cheol, san ealaín, sná scannáin nó sa litríocht sa lá inniu. (20 marc)

b) Mínigh conas a théann an íomhá d'Íosa, a bhfuil cur síos déanta agat uirthi thuas, i bhfeidhm ar Chríostaithe an lae inniu. (20 marc)

c) Déan comparáid idir an tuiscint d'Íosa a chuirtear i láthair sna soiscéil, agus an tuiscint d'Íosa a chuirtear i láthair in íomhá sa lá inniu. (40 marc)

## ROINN C REILIGIÚIN DHOMHANDA SA LÁ INNIU

**Freagair a), b) agus c).**

◆ An Búdachas ◆ An Chríostaíocht ◆ An Hiondúchas ◆ An tIoslamachas ◆ An Giúdachas

a) Tabhair breac-chuntas ar dhúshlán atá ann do cheann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda thuas in Éirinn sa lá inniu. (25 marc)

b) Déan cur síos ar an tslí ina bhféadfadh an reiligiún, atá roghnaithe agat thuas, tabhairt faoin dúshlán sin. (25 marc)

c) Roghnaigh ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda sa liosta thuas agus déan cur síos air faoi na ceannteidil seo a leanas:

i. Róil laistigh den phobal creidimh. (15 mharc)

ii. Struchtúr agus eagrú ag leibhéal áitiúil. (15 mharc)

## ROINN D TEACHT AR CHINNEADH MORÁLTA

**Freagair a), b) agus c).**

a) ● PIONÓS AN BHÁIS ● FOSTÚ LEANAÍ ● COGAÍOCHT

Tabhair breac-chuntas ar ócáid ina gcaitheann duine cinneadh morálta a dhéanamh faoi cheann **amháin** de na ceisteanna thuas. (20 marc)

b) Mínigh conas a d'fhéadfadh teagasc reiligiúin dhomhanda **amháin** duine a threorú chun teacht ar chinneadh faoi cheann amháin de na ceisteanna liostaithe in a) thuas. (30 marc)

c) Tabhair breac-chuntas ar an tslí ina bhféadann coinsias duine é/í a threorú chun teacht ar chinneadh morálta. (30 marc)

## AONAD A TRÍ

(80 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 30 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SAN AONAD SEO.**

NÍ MÓR DUIT TABHAIRT FAOI CHEANN **AMHÁIN** DE NA CEITHRE ROINN SEO A LEANAS.

**(Tá 80 marc ar gach roinn)**

## ROINN G ADHRADH, PAIDREOIREACHT AGUS DEASGHNÁTHA

**Freagair a), b) agus c).**

- DÍTHREABH
- OILITHREACHT
- POUSTINIA
- CÚRSA SPIORADÁLTA

a) Déan cur síos ar cad atá i gceist i gceann **amháin** de na cleachtaí rinnfheithimh thuas. (25 marc)

b) Tabhair breac-chuntas ar conas a chleachtaítear an mhídheamhain i reiligiún domhanda **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air. (30 marc)

c) Mínigh cén fáth a n-úsáidtear an mhídheamhain *nó* an rinnfheitheamh mar chineál paidreoireachta sa lá inniu. (25 marc)

## ROINN H AN BÍOBLA: LITRÍOCHT AGUS TÉACS NAOFA


**Freagair a) agus b)**

a)
- SOISCÉAL MHARCAIS
- SOISCÉAL MHATHA
- SOISCÉAL EOIN
- SOISCÉAL LÚCÁIS

Mínigh cén fáth a meastar faoi na soiscéil –

i. gur cáipéisí stairiúla iad. (10 marc)

ii. gur doiciméid chreidimh iad. (10 marc)



b) Tabhair breac-chuntas ar conas a tharla sé gur scríobhadh ceann **amháin** de na soiscéil thuas. Bain úsáid as na ceannteidil seo a leanas:


i. Nithe a raibh suim ag an soiscéalaí iontu agus nithear chás leis iad. (20 marc)

ii. Riachtanais an phobail ar scríobhadh an soiscéal dóibh. (20 marc)

iii. Ilghnéitheacht an ábhair laistigh den soiscéal – parabail, míorúiltí, etc. (20 marc)

## ROINN I REILIGIÚN – AN TAITHÍ ÉIREANNACH

**Freagair a) *nó* b) *nó* c) *nó* d) *nó* e).**



a) Déan próifíl de shlí **amháin** ina ndéantaí ceangal idir an talamh agus reiligiún in Éirinn.

***nó***

b) Déan próifíl de shaol agus de shaothar manaigh Éireannaigh **amháin** a bhunaigh mainistir san Eoraip.

***nó***

c) Déan próifíl de ghluaiseacht Chríostaí **amháin** a rinne iarracht chun leasuithe a chur i gcrích trí dhul ar ais chuig a bhunús.

***nó***

d) Déan próifíl de shlí **amháin** a raibh tionchar ag tuairimí na hEagnaíochta ar an gCríostaíocht in Éirinn.


***nó***

e) Déan próifíl den tslí a bhfuil freagairt tugtha ag **dhá** shainchreideamh Chríostaí in Éirinn don éacúiméineachas.

(80 marc)

## ROINN J AN REILIGIÚN AGUS AN EOLAÍOCHT

Scrúdaigh an tionchar a bhí ag tuairimí Darwin ar an ngaol idir an reiligiún agus an eolaíocht faoi na ceannteidil seo a leanas:



i. Tuairimí Darwin faoin éabhlóid. (40 marc)

ii. Na slite ar tugadh freagairt do thuairimí Darwin faoin éabhlóid. (40 marc)

**Leathanach Bán**

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán